



An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2025
(OR. en)

9443/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0128 (NLE)

PECHE 144
N 22
UK 105

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	26 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 257 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 257 final.

Faoi iamh: COM(2025) 257 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.5.2025
COM(2025) 257 final

2025/0128 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle¹ socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Leasaítear leis an togra na deiseanna iascaireachta sin chun an chomhairle eolaíoch is déanaí agus forbairtí eile a chur san áireamh.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (CBI) ('an Bunrialachán'), atá, *inter alia*, le cur i bhfeidhm agus deiseanna iascaireachta á mbunú, i.e. teorainneacha le hiarrachtaí gabhála agus iascaireachta, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh iascach an Aontais inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³ ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí'), agus is é is aidhm dóibh rannchuidiú le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach, go háirithe a mhéid a bhaineann le tuairisceoir 3 maidir le dea-stádas comhshaoil, lena gceanglaítear go mbeidh na héisc agus na sliogéisc a ndéantar saothrú tráchtála orthu laistigh de teorainneacha bitheolaíocha sábháilte.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra.

• Coimhdeacht

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

¹ Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj>).

² Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj>).

³ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj>).

- **Comhréireacht**

Leis an togra, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir leis na cuspóirí agus na rialacha a leagtar amach sa Bhunrialachán agus i gcomhréir le toradh na gcomhairliúcháin iltaobhach nó déthaobhach le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna). Dá bhrí sin, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú agus an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil á cur san áireamh. Sa bhreis ar bhreithnithe bitheolaíoch, ba cheart breithnithe socheacnamaíoch a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta, go háirithe an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna.

De bhun Airteagal 16(6) agus (7) agus Airteagal 17 den Bhunrialachán, tá na Ballstáit le cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a bhféadfadh na deiseanna iascaireachta a chuirtear ar fáil dóibh a chionroinnt ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach i gcomhréir le critéir áirithe a leagtar amach sna hAirteagail sin. Dá bhrí sin, bíonn an corrlach lánroghnach is gá ag na Ballstáit agus na cuótaí cionroinnte á ndáileadh acu, i gcomhréir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch is fearr leo chun na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh a úsáid.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go leasaítear rialachán atá ann cheana leis an togra, rialachán is fearr a oireann mar ionstraim dhlíthiúil.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, go háirithe trí na comhairlí comhairleacha, ar bhonn na teachtaireachta bliantúla uaidh dar teideal ‘*Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025*’ (COM(2024) 235 final).

I bhfreagairtí na bpáirtithe leasmhara ar an teachtaireacht bhliantúil sin, leagadh amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bhainistíochta. Chuir an Coimisiún na freagairtí sin san áireamh agus an togra á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá comhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) bunaithe ar chreat a d’fhorbair a chuid grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta, agus eisíodh í i gcomhréir lena chreachomhaontú comhpháirtíochta leis an gCoimisiún.

- **Measúnú tionchair**

Le hAirteagal 43(3) CFAE cuirtear teorainn le raon feidhme an togra.

Leis an togra féachtar le cur chuige gearrthéarmach a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh ó na páirtithe

leasmhara agus ó na comhairlí comhairleacha más rud é go ndearna ICES athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011) 891) inar measadh, cé gur coinníoll riachtanach é an cuspóir maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, nach féidir na trí chuspóir sin a bhaint amach astu féin.

A mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic ERBInna agus stoic a ndéantar bainistíocht chomhpháirteach orthu le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, is éard a dhéantar go bunúsach leis an togra bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Le linn ullmhú na caibidlíochta idirnáisiúnta ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tíortha nach bhfuil san Aontas agus lena linn, déileáiltear le haon ghné atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Ceartha bunúsacha**

Comhlíonann an togra ceartha bunúsacha, agus go háirithe na ceartha sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, féachtar le Rialachán (AE) 2025/202 a leasú mar a thuairiscítear thíos.

An t-ainseabhaí in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh thiar

Le Rialachán (AE) 2025/202 socraítear go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) sa chuid thiar d'fholimistéar 9 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus i bhfolimistéar 10 (an chuid thiar d'uisce Ibéaracha an Atlantaigh agus uisce na nAsór) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe sa chuid thiar de roinn 9a ICES (an chuid thiar d'uisce Ibéaracha an Atlantaigh) le haghaidh na tréimhse sin.

Meastar go bhfoilseoidh ICES a chuid comhairle an 20 Meitheamh 2025. Go dtí go bhfoilseofar an chomhairle sin, áirítear an aithris ábhartha idir lúibíní cearnacha, agus is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear an TAC le haghaidh ainseabhaithe sa chuid thiar d'fholimistéar 9 ICES agus i bhfolimistéar 10 le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. A luaithe a bheidh an chomhairle ó ICES ar fáil, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhithin páipéar leathoifigiúil ina molfar TAC cinntitheach le haghaidh na tréimhse sin bunaithe ar an gcomhairle sin. Mar sin féin, má thagann sé chun solais roimh fhoilsiú na comhairle agus faoi lár mhí an Mheithimh 2025 nach bhféadfaí leanúint den iascaireacht an 1 Iúil 2025 dá ndéanfaí amhlaidh, ina ionad sin, molfadh seirbhísí an Choimisiúin TAC sealadach le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair 2025.

An séacla Artach in Skagerrak-Kattegat agus sa Mhuir Thuaidh

Le Rialachán (AE) 2025/202 socraítear go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES (Skagerrak-Kattegat) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a thoir ICES (Skagerrak-Kattegat agus tuaisceart na Mara Thuaidh i dTrinse na hIorua). Ina theannta sin, socraíodh leis an Rialachán sin cuóta an Aontais le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laistear de 62°T le haghaidh 2025 ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua, i.e. ar leibhéal 173 thona.

Meastar go bhfoilseoidh ICES a chomhairle maidir le séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a thoir ICES an 6 Meitheamh 2025. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin, réachtálfaidh an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a thoir ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026; (ii) leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse sin; agus (iii) malartú breise ón Iorua chuig an Aontas maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laistear de 62°T le haghaidh 2025, malartú a chomhaontaigh an tAontas agus an Iorua a mheas le linn comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le malartú cuótaí agus socrúithe rochtana le haghaidh 2025. Go dtí go bhfaighfear toradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle⁴ san áireamh idir lúibíní cearnacha, agus na TACanna le haghaidh séaclaí Artacha. (i) in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026; agus (ii) is le ‘pm’ a mharcáiltear iad in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laistear de 62°T le haghaidh 2025. A luaithse a gheofar toradh na gcomhairliúchán déthaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena moltar na TACanna sin le haghaidh na dtréimhsí sin agus ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Iorua.

An salán sa Mhuir Thuaidh agus in Skagerrak-Kattegat

Le Rialachán (AE) 2025/202, socraítear go sealadach ag nialas na TACanna le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES (an Mhuir Thuaidh); agus (ii) uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES (Skagerrak-Kattegat), go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le saláin i bhfolimistéar 4 agus roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

Meastar go bhfoilseoidh ICES a chuid comhairle an 30 Aibreán 2025. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin, réachtálfaidh an tAontas comhairliúcháin thríthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí

⁴ Rialachán (AE) 2024/1856 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 deiseanna iascaireachta den sórt sin (IO L, 2024/1856, 1.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1856/oj>).

an 30 Meitheamh 2026; agus (ii) leibhéal na TACanna i gcomhair salán i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES agus i roinn 3a ICES faoi seach le haghaidh na tréimhse sin. Go dtí go bhfaighfear toradh na gcomhairliúchán trithaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1856 san áireamh idir lúbíní cearnacha, agus na TACanna le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES; agus (ii) is le ‘pm’ a mharcáiltear uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES. A luaithe a gheofar toradh na gcomhairliúchán trithaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhithin páipéar leathoifigiúil lena moltar na TACanna sin le haghaidh na tréimhse sin ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua.

An salán i Muir nIocht

Le Rialachán (AE) 2025/202 socraítear go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh salán in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i ranna 7d agus 7e ICES (Muir nIocht) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le saláin sa limistéar sin le haghaidh na tréimhse sin.

Meastar go bhfoilseoidh ICES a chuid comhairle an 30 Aibreán 2025. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin, reáchtálfaidh an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe maidir le leibhéal an TAC le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile⁵ (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’). Go dtí go bhfaighfear toradh na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2024/1856 san áireamh idir lúbíní cearnacha, agus is le ‘pm’ a mharcáiltear an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. A luaithe a gheofar toradh na gcomhairliúchán déthaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhithin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC sin le haghaidh na tréimhse sin ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

An deargán in uiscí na nAsór

Is stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 36, tábla F, a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair é an deargán (*Pagellus bogaraveo*) in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 10 ICES (uiscí na nAsór). Liostaítear san Iarscríbhinn sin stoic nach bhfuil i láthair ach in uiscí Páirtí amháin agus a bhfuil scaireanna ag an dá Pháirtí ina leith. Le Rialachán (AE) 2025/202 socraíodh go sealadach an TAC le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2025 ar leibhéal 280 tona, bunaithe ar an leibhéal gabhálacha le déanaí le haghaidh an stoic sin agus nach mó ná an chomhairle eolaíoch is déanaí atá ar fáil maidir leis an stoc sin le haghaidh 2024 agus 2025⁶, arna foilsiú ag ICES an 9 Meitheamh 2023. Socraíodh TAC sealadach le haghaidh an stoic sin toisc go

⁵ An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10, ELI: [http://data.europa.eu/eli/agree_international/2021/689\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/agree_international/2021/689(1)/oj)).

⁶ <https://doi.org/10.17895/ices.advice.21828435.v1>

bhfuil an chomhairle ó ICES an 9 Meitheamh 2023 bunaithe ar mhodheolaíocht a ndearna ICES athbhreithniú uirthi mar chuid de ‘thagarmharc’ le haghaidh an stoic sin⁷, a tionóladh ón 11 go dtí an 13 Nollaig 2023 agus ón 15 go dtí an 19 Eanáir 2024. Dá bhrí sin, d’iarr an Choimisiún ar ICES comhairle athbhreithnithe a fhoilsiú maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025.

Go dtí go bhfoilseofar an chomhairle athbhreithnithe sin ó ICES, tá an aithris ábhartha san áireamh idir lúibíní cearnacha agus is le ‘pm’ a mharcáiltear an TAC cinntitheach le haghaidh deargán i bhfolimistéar 10 ICES in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta le haghaidh 2025. A luaithe a bheidh an chomhairle athbhreithnithe sin ó ICES ar fáil, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC cinntitheach sin bunaithe ar an gcomhairle athbhreithnithe sin.

Trosc cróch NAFO

Le Rialachán (AE) 2025/202 socraítear an TAC agus cuóta an Aontais le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) i ranna 2J, 3K agus 3L de chuid Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) (troisc i ranna ‘2J3KL’, ‘trosc cróch NAFO’) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 i gcomhréir leis an gcinneadh a rinne NAFO ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024.

I mí an Mheithimh 2025 meastar go bhfoilseoidh Ceanada a chomhairle eolaíoch le haghaidh trosc i ranna 2J3KL le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin, meastar go mbunóidh Ceanada teorainn ghabhála le haghaidh trosc i ranna 2J3KL NAFO dá shoithí iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. I gcomhréir lena rialacha, tá NAFO le TAC a bhunú ansin le haghaidh an stoic sin agus le haghaidh na tréimhse sin, mar aon le cionroinnt ar Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO, lena n-áirítear cuóta de chuid an Aontais, atá le hiascach i Limistéar Rialála NAFO. Tá an TAC sin agus an chionroinnt sin le bunú ar leibhéal as a n-eascróidh an teorainn ghabhála arna bunú ag Ceanada a chomhfhreagraíonn do 95 % den TAC agus an chionroinnt ar Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO a chomhfhreagraíonn do 5 % den TAC.

Go dtí go ndéanfaidh NAFO an cinneadh sin an TAC sin, cionroinnt ar Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO agus bearta téarnaimh féideartha le haghaidh an stoic sin a bhunú, tá an aithris ábhartha san áireamh idir lúibíní cearnacha agus is le ‘pm’ a mharcáiltear an TAC le haghaidh trosc i roinn 2J3KL NAFO le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. A luaithe a gheofar an cinneadh ó NAFO, tabharfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC agus bearta téarnaimh féideartha le haghaidh na tréimhse sin i gcomhréir leis an gcinneadh sin ó NAFO.

Tuinnín gorm CICTA

An 1 Aibreán 2025, agus i gcomhréir le rialacha infheidhme an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA) maidir le haistrithe, chomhaontaigh an Íoslainn 200 tona dá cuóta le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) a aistriú chuig an Aontas i gcuid de limistéar Choinbhinsiún CICTA, san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa

⁷

<https://doi.org/10.17895/ices.pub.24998858.v1>

Mheánmhuir, le haghaidh 2025. Ba cheart an t-aistriú sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais agus ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh an stoic sin a leasú dá réir.

NPFC

Ag an gcrúinniú bliantúil a bhí aige in 2025, bhunaigh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) a bheidh ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise den stoc sin don Aontas le haghaidh na tréimhse sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin: (i) ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC; ná (ii) níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Tá sé beartaithe na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

An eascann Eorpach san Atlantach Thoir Thuaidh

De réir Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2025/202, tá na Ballstáit lena mbaineann le tréimhse choiscthe amháin nó níos mó a mhairfidh 6 mhí ar a laghad a chinneadh le haghaidh gníomhaíochtaí chun iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES (an tAtlantach Thoir Thuaidh), faoi réir coinníollacha áirithe. Ós rud é gurb é is cuspóir don tréimhse choiscthe nó do na tréimhsí choiscthe eascanna a chosaint le linn a n-imirce chuig mór-roinn na hEorpa agus uaithi, ba cheart príomhthréimhsí imirce na n-eascann ag an gcéim shonrach ina saol a chumhdach leis na tréimhsí choiscthe. I gcás sonrach na n-eascann a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu ('eascanna geala'), is é an cuspóir atá ann iad a chosaint le linn a 'n-imirce le sruth' ó uiscí intíre, uiscí goirte agus uiscí muirí an Aontais go dtí a láithreacha sceite sa Mhuir Shargasach. Ní hamháin go mbíonn eascanna geala faoi bhagairt ag bacainní ar imirce le sruth ach ag iascaigh spriocdhírthe freisin. I gcásanna, le linn a n-imirce ó uiscí an Aontais, nach mór d'eascanna geala dul trí dhobharlach uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad chun an fharraige oscailte a bhaint amach, chuirfí cuspóir na tréimhse choiscthe nó na dtréimhsí choiscthe de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2025/202 i mbaol dá ngabhfaí na heascanna geala imirceacha sin sna huiscí goirte sin nach uiscí de chuid an Aontais iad agus dá dtabharfaí i dtír iad.

Dá bhrí sin, is gá cead a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann gabháil eascann fásta a cheadú in uiscí an Aontais taobh thuas de na huiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad le linn na príomhthréimhse imirce. Mar sin féin, chun an riosca a sheachaint go dtabharfaí i dtír na heascanna geala a ghabhtar, ba cheart an maolú a bheith faoi réir coinníollacha áirithe, lena n-áirítear coinníoll gur cheart eascanna geala a ghabháil chun iad a iompar agus a scaoileadh go pras gan ghortú isteach in uiscí mara an Aontais in aice láimhe ag áit ainmnithe (dá ngairtear 'gaistigh agus iompair'). Cuimsítear le heascanna fásta freisin 'eascanna buí' nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu agus a d'fhéadfadh a bheith cosúil, ó thaobh méide de, le heascanna geala. Eascanna buí a ghabhtar de thaisme, ba cheart iad a scaoileadh saor láithreach gan ghortú ar ais san uisce.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle¹, socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a leasú, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leo, chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith le torthaí an chomhairliúcháin le tríú tíortha agus eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).
- (2) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis fhoilsiú na comhairle ó ICES, nó roimh fhoilsiú na comhairle agus faoi lár mhí an Mheithimh 2025 más léir nach gceadófaí leanúint den iascaireacht an 1 Iúil 2025 dá ndéanfaí amhlaidh.] [É SEO] [An 20 Meitheamh 2025 d'fhoilsigh an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe sa chuid thiar de roinn 9a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. Tar éis fhoilsiú na comhairle, ba cheart an TAC le haghaidh ainseabhaithe sa chuid thiar d'fholimistéar 9 ICES agus i bhfolimistéar 10 le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 a shocrú ar an leibhéal a mhol ICES, i.e. ar leibhéal [X] tona.] [NÓ É SEO] [Le Rialachán (AE) 2025/202 socraítear go sealadach ag nialas na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) sa chuid thiar d'fholimistéar 9 den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) agus i bhfolimistéar 10 le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe sa chuid thiar de

¹ Rialachán (AE) 2025/202 ón gComhairle an 30 Eanáir 2025 lena socraítear le haghaidh 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2025 (IO L, 2025/202, 31.1.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2025/202/oj>).

roinn 9a ICES le haghaidh na tréimhse sin. Chun go bhféadfar leanúint den iascaireacht go dtí go socrófar an TAC cinntitheach le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 ar an leibhéal a mhol ICES, ba cheart TAC sealadach a shocrú le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ar leibhéal a chomhfhreagraíonn do [X].]

- (3) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúcháin idir an tAontas agus an Iorua a thabhairt i gcrích.] [An 18 agus an 19 Meitheamh 2024 reáchtáil an tAontas agus an Iorua comhairliúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) i ranna 3a agus 4a thoir ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; agus (ii) leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. Tháinig an tAontas agus an Iorua ar chomhaontú freisin maidir le séaclaí Artacha in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laistear de 62°T a aistriú ón Iorua chuig an Aontas. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe a síníodh an 19 Meitheamh 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, na TACanna le haghaidh séaclaí Artacha a shocrú ag na leibhéil a comhaontaíodh leis an Iorua: (i) i roinn 3a ICES; agus (ii) in uiscí na hIorua sa Mhuir Thuaidh laistear de 62°T.]
- (4) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúcháin idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua a thabhairt i gcrích.] [Idir an 23 Bealtaine agus an 4 Meitheamh 2024 reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna iascaireachta foriomlána le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) i bhfolimistéar 4 agus roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; agus (ii) leibhéal na TACanna le haghaidh salán in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse sin. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhorghuainigh an Chomhairle an 3 Bealtaine 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe a síníodh an 11 Meitheamh 2024. Maidir leis na TACanna le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES; agus (ii) uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES, ba cheart iad a shocrú ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua.]
- (5) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúcháin idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích.] [Idir an 14 agus an 24 Bealtaine 2024, rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le leibhéal an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. Ghlac an tAontas páirt sna comhairliúcháin sin ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhorghuainigh an Chomhairle an 25 Aibreán 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn a síníodh an 30 Bealtaine 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse sin a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.]
- (6) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis fhoilsiú na comhairle athbhreithnithe ó ICES.] [Le Rialachán (AE) 2025/202

socraíodh go sealadach an TAC le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 10 ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2025 ar an leibhéal 280 tona, go dtí go bhfoilseofar comhairle eolaíoch athbhreithnithe maidir leis an stoc sin le haghaidh 2025. Tar éis fhoilsiú na comhairle athbhreithnithe sin ó ICES, ba cheart TAC cinntitheach le haghaidh deargán in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 10 ICES le haghaidh 2025 a shocrú ar an leibhéal nua a mhol ICES.]

- (7) [Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis an chinnidh ó NAFO maidir leis an trosc cróch.] [An [X] ghlac Ceanada teorainn ghabhála le haghaidh a shoithí a dhéanann iascaireacht ar throisc (*Gadus morhua*) i ranna 2J, 3K agus 3L d'Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) arb é a bhí ann [X] tona le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026. Ina dhiaidh sin, le haghaidh an stoic sin agus na tréimhse sin, ghlac NAFO TAC, agus cionroinnt ar Pháirtithe Conarthacha eile de chuid NAFO, a chomhfhreagraíonn do 5 % den TAC, lena n-áirítear cuóta de chuid an Aontais, atá le hiascach i Limistéar Rialála NAFO. Ina theannta sin, bhunaigh NAFO bearta téarnaimh don stoc sin le haghaidh na tréimhse sin. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.]
- (8) An 1 Aibreán 2025, agus i gcomhréir le rialacha infheidhme an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (CICTA) maidir le haistrithe, chomhaontaigh an Íoslainn 200 tona dá cuóta le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) a aistriú chuig an Aontas i gcuid de limistéar Choinbhinsiún CICTA, san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir, le haghaidh 2025. Ba cheart an t-aistriú sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais agus ba cheart cuóta an Aontais le haghaidh an stoic sin a leasú dá réir.
- (9) Ag an gcuinniú bliantúil a bhí aige in 2025, bhunaigh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) a bheidh ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2026. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise den stoc sin don Aontas le haghaidh na tréimhse sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin: (i) ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC; ná (ii) níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (10) Chun atáirgeadh a dhéanamh, ní mór d'eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu ('eascanna geala') aistriú ó uiscí intíre, uiscí goirte nó uiscí muirí an Aontais go dtí a láithreacha sceite sa Mhuir Shargasach ('imirce le sruth'). Le hAirteagal 13(3) de Rialachán (AE) 2025/202, cosnaítear na heascanna sin trína chur d'oibleagáid ar na Ballstáit lena mbaineann tréimhse choiscthe amháin nó níos mó a mhairfidh 6 mhí ar a laghad a chinneadh le haghaidh gníomhaíochtaí chun iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar eascanna Eorpacha (*Anguilla anguilla*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES (an tAtlantach Thoir Thuaidh), faoi réir coinníollacha áirithe. Chun cuspóir caomhnaithe na tréimhse choiscthe nó na dtréimhsí choiscthe de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2025/202 a chaomhnú, féadfaidh na Ballstáit lena mbaineann cúnamh a thabhairt

d'eascanna geala le linn a n-imirce le sruth sula rachaidh siad trí uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad, áit a bhféadfaí iad a ghabháil agus a thabhairt i dtír. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit lena mbaineann eascanna fásta arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán a ghabháil in uiscí an Aontais taobh thuas d'uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad le linn na príomhthréimhse imirce, ar choinníoll go ndéanfar é sin chun eascanna geala a iompar agus a scaoileadh go pras gan ghortú isteach in uiscí mara an Aontais in aice láimhe ag áit ainmnithe, agus chuige sin amháin. Eascanna a ghabhtar de thaisme agus nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu, ba cheart iad a scaoileadh saor láithreach gan ghortú ar ais san uisce.

- (11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2025/202 a leasú dá réir sin.
- (12) Ós rud é gur cheart feidhm a bheith ag forálacha ar bhonn leanúnach, agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint sa tréimhse idir deireadh chur i bhfeidhm na bhforálacha a bhí infheidhme roimhe sin agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo ó dheireadh na bhforálacha a bhí infheidhme roimhe sin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlísteanaigh, ós rud é go gcuirtear leis na deiseanna iascaireachta lena mbaineann agus, a mhéid a bhaineann le heascanna, go mbunaítear maolú breise ar an tréimhse choiscthe nó ar na tréimhsí choiscthe.
- (13) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (AE) 2025/202

Leasaítear Rialachán (AE) 2025/202 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 13, cuirtear isteach an mhír 4(a) seo a leanas:

,

- 4a. De mhaolú breise ar mhír 3, pointe (d), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann iascaireacht ar eascanna Eorpacha arb é 12 cm nó níos mó a bhfad foriomlán agus iad ar imirce ó uiscí an Aontais go dtí a láithreacha sceite sa Mhuir Shargasach ('imirce le sruth') a cheadú ar feadh suas le 50 lá san iomlán ar laethanta iad a thagann i ndiaidh a chéile nó nach dtagann i ndiaidh a chéile. Beidh feidhm aige sin maidir leis na hiascairí uile lena mbaineann sa limistéar iascaireachta ábhartha, le linn na príomhthréimhse imirce, faoi na coinníollacha carnacha seo a leanas:
 - (a) ní cheadófar an ghníomhaíocht iascaireachta ach amháin i gcás nach bhfuil rochtain ar uiscí mara ach trí uiscí goirte nach uiscí de chuid an Aontais iad;
 - (b) comhlíonfaidh na gabhálacha a ghabhtar i bhforanna 22-32 ICES an íosmhéid tagartha caomhnaithe 35 cm, i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII, Cuid A, a

ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;

- (c) ní dhéanfar dochar d'aon eascann a ghabhtar a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici, iomprófar í gan moill mhíchúí agus scaoilfear saor í láithreach in uiscí mara an Aontais in aice láimhe in áit arna hainmniú ag an mBallstát lena mbaineann, rud a chuirfeadh ar a cumas di leanúint den imirce le sruth;
- (d) ní dhéanfar dochar d'aon eascann a fhoghabhtar go teagmhasach nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach aici agus scaoilfear saor í láithreach ar ais san uisce; agus
- (e) déanfar an ghníomhaíocht iascaireachta i gcomhar le comhlacht eolaíoch náisiúnta.

(2) In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, cibé acu go haonarach nó i gcomhpháirt, an Coimisiún ar an eolas:

- (a) faoin 1 Bealtaine 2025, maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 6, mar aon leis an bhfaisnéis tacaíochta lena dtugtar bonn cirt don tréimhse nó do na tréimhsí a roghnaíodh;
- (b) laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha, maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó leis na tréimhsí choiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 6;
- (c) laistigh de 8 seachtaine roimh thús na tréimhse choiscthe nó na dtréimhsí choiscthe a cinneadh i gcomhréir le míreanna 3 go 6, maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i gcomhréir le mír 4a lena n-áirítear na nithe seo a leanas: (i) áit nó áiteanna agus dáta nó dátaí na ngníomhaíochtaí iascaireachta; (ii) líon agus cineál na rannpháirtithe a bhfuil coinne leo agus an comhlacht eolaíoch náisiúnta atá páirteach; agus (iii) an áit nó na háiteanna ainmnithe lena scaoileadh saor.
- (d) laistigh d'uastréimhse 8 seachtaine ó dheireadh na ngníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh i gcomhréir le mír 4a: (i) an líon agus an cineál rannpháirtithe; (ii) an líon eascann, a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu, chomh maith leis an líon eascann nach bhfuil aibíocht ghnéasach bainte

² Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj>).

amach acu, a gabhadh le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin; agus (iii) an líon eascann a bhfuil aibíocht ghnéasach bainte amach acu a clibeáladh.

- (3) Leasaítear Iarscríbhinn IA, Codanna A, B agus F, agus Iarscríbhinní IC, ID agus IM i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na ranna seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as gníomhaíocht an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
